Céim 6

Má táim míshásta le toradh an athbhreithnithe?

Is féidir leat iarratas a dhéanamh chuig Oifig an Ombudsman nó chuig Ombudsman na bpáistí ag lorg athbhreithniú neamhspleách.

Oifig an Ombudsman:
Teileafón: 1890 223 030
Ríomhphost: ombudsman@ombudsman.gov.ie

Oifig Ombudsman na bPáistí:
Teileafón: 1890 654 654
Ríomhphost: oco@oco.ie

Seirbhísí Abhcóideachta

Is féidir leis na seirbhísí abhcóideachta cabhrú leat agus tú ag déanamh gearáin.

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh:
Teileafón: 01 6059000
Ríomhphost: helen.lahert@ciboard.ie

Cumann Othar na hÉireann:
Teileafón: 01 2722555
Ríomhphost: info@irishpatients.ie

Fócas Othar:
Teileafón: 01 8851611
Ríomhphost: support@patientfocus.ie

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Do Sheirbhís, Do Bharúil

Eolas le cuidiú leat Tuairim a thabhairt, nó Ráiteas Molta nó Gearán a dhéanamh

Sonraí maidir le do thuairim, ráiteas molta nó gearán

Ceangail leathanaigh breise leis seo más gá

Ainm:

Seoladh:

Uimhir theileafóin:

Ríomhphost:

Dáta:

Chun cuidiú le fiosrúchán mo ghearáin, tugaim cead rochtana ar m'eolas rúnda pearsanta othar do FSS. D'fhéadfadh sé seo a bheith riachtanach i gcásanna áirithe chun fiosrúchán iomlán a dhéanamh i leith an ghearáin.

Cuir tic le do thoil

Cuirimid fáilte roimh thuairimí, ráitis mholta nó gearáin. Cuidíonn siad linn chun feabhas leanúnach a chur ar ár seirbhísí.

Tugann an bhileog seo eolas duit maidir le tuairim, ráiteas molta a thabhairt nó gearán a dhéanamh.

Céim 1

Conas is féidir tuairim nó ráiteas molta a thabhairt nó gearán a dhéanamh?

- Líon an leathanach atá ceangailte leis seo agus cuir isteach i gceann de na boscaí aiseolais é
- Labhair le haon bhall foirne, bainisteoir seirbhíse nó oifigeach gearán de chuid FSS
- Cuir aiseolas i ríomhphost chuig **yoursay@hse.ie**
- Seol litir nó faics chuig aon ionad de chuid FSS
- Glaoigh orainn ag: 1850 24 1850
- Bain úsáid as an áis um thuairimí agus ráitis mholta ar an suíomh idirlín www.hse.ie

Céim 2

Céard a tharlóidh ansin?

- Sa chás gur thug tú do chuid sonraí teagmhála dúinn seolfaidh muid litir admhála chugat nuair a fhaigheann muid do thuairim nó do ráiteas molta.
- Cuirfidh muid do thuairim nó do ráiteas molta ar aghaidh chuig an mball foirne nó chuig an tseirbhís a ndéanann tú tagairt de. Déanfar admháil ar do ghearán béil láithreach nó chomh luath agus is féidir.
- Déanfaidh an tOifigeach Gearán admháil maidir le gearán atá i scríbhinn laistigh de 5 lá oibre.

Do Sheirbhís, Do Bharúil

Céim 3

Conas a dhéanfar mo ghearán a láimhseáil?

Braitheann an modh oibre ar an gcineál gearáin agus a thromchúisí is atá sé:

- Déanfaidh duine den fhoireann/bainisteoir seirbhíse iarracht réiteach a fháil go háitiúil; nó
- breathnóidh oifigeach gearán ar na ceisteanna a bhaineann leis an ngearán.

Céim 4

Cén fhad a bheidh an t-oifigeach gearán ag fiosrú an ghearáin?

- Fiosróidh an t-oifigeach gearán an cheist laistigh de 30 lá ó dháta admhála an ghearáin.
- Má bhíonn tréimhse ama níos faide ag teastáil chun an fiosrúchán iomlán a dhéanamh, cuirfidh an t-oifigeach gearán é sin in iúl duit agus cuirfear ar an eolas tú maidir le staid reatha agus dul chun cinn an fhiosrúcháin gach 20 lá as sin amach.

Cuid 5

Céard a dhéanfaidh mé má táim míshásta leis na moltaí a rinne an t-oifigeach gearán nó leis an tslí ar láimhseáladh mo ghearán?

- Is féidir leat iarratas a dhéanamh chuig Ceann um Ghnóthaí Tomhaltóirí, Teach Darach, Páirc na Mílaoise, An Nás, Co. Chill Dara Teil:1890 424 555 ag lorg athbhreithnithe.
- Beidh ort iarratas athbhreithnithe a dhéanamh laistigh de 30 lá oibre ón data a bhfuair tú an tuairisc dheiridh ón oifigeach gearán.

Do Sheirbhís, Do Bharúil

Do Sheirbhís, Do Bharúil

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Más mian leat tuairim a thabhairt, ráiteas molta nó gearán a dhéanamh, líon an leathanach atá ceangailte leis seo le do thoil agus stróic amach é. Cuir an leathanach in aon cheann de na boscaí aiseolais atá ar fáil sna hionaid fháilitithe, sna bardaí, sna hionaid sláinte, sna hionaid seirbhísí agus sna hoifigí.

Iarr sonraí teagmhála an Oifigigh Gearán áitiúil ar aon duine den fhoireann nó san ionad fáiltithe.

Ainm na seirbhíse ar mhian leat tuairim a thabhairt nó ráiteas molta nó gearán a dhéanamh ina leith

Ainm an ionaid (Ospidéal, Ionad Sláinte, Oifig Riaracháin)

An dáta ar tharla an eachtra a bhfuiltear ag tagairt de sa tuairim, ráiteas molta nó gearán

Do Bhaill Foirne FSS amháin.

Dáta a bhfuarthas:

Uimhir na tuairime, an ráitis mholta,an ghearáin:

Ionad:

Oifigeach Gearán:

Tabhair sonraí iomlána de do thuairim, ráiteas molta nó gearán sa spás atá curtha ar fáil ar chúl na bileoige.